# Duilleog


**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 7 Earrach 2009





## *20 Bliain ag Fás!*

*Mar chuid den cheiliúradh 20 bliain beidh lá foscailte sa Chrannóg i nDoirí Beaga ar an Aoine 30 Eanáir agus beidh bricfeasta ar fáil ann ón 10.00 – 12.00 meán-lae. Beidh ceol agus craic ann fosta. Cuirfear fáilte roimh bhaill den phobal a theacht isteach.*

# 20 Bliain de Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag ceiliúradh 20 bliain a bhunaithe i mbliana.

Cláraíodh an Comharchumann go hoifigiúil i 1988. Ag an am sin bhí oifig an Chomharchumann i gceann do thithe an Údaráis i gCarraig an tSeascain agus ina dhiaidh sin in Árd Scoil Mhuire go dtí 1992 nuair a lonnaigh siad sa tsean Ceardscoil i Srath na Corcra nó an "Chrannóg" áit a bhfuil siad ó shin. Is leis an Chomharchumann féin an Chrannóg, áit atá ag feidhmiú mar lárionad cultúr agus teanga agus mar ionad fiontar. Ta 30 duine fostaithe ann 4 ag an Chomharchumann féin agus 4 ag an Scéim Forbartha Pobail. Tá an Comharchumann buíoch don phobail as an tacaíocht a thug siad daofa i rith na mblianta sin. Beidh ceiliúradh á dhéanamh acú ar an ócáid go luath sa bhliain úr.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Ba mhaith leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tréaslú le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair as ucht fiche bliain de sheirbhís iontach don phobal agus don Ghaeilge. Tá oifig áitiúil na Roinne ag súil go mór le bheith ag comhoibriú leis an Chomharchumann san am atá le theacht ar mhaithe le cur chun cinn na teanga agus inmharthanacht na Gaeltachta.

ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

**Ba mhaith le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge tréaslú le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair as an obair mhór, fhiúntach atá déanta agaibh le fiche bliain anuas. Guíonn muid gach rath agus bláth ar bhur gcuid oibre san am atá amach romhainn.**

**Comhghairdeas ó chroí ó Phobalscoil**

**Ghaoth Dobhair.**
**Fiche bliain ag fás!**
**Tá obair eachtach déanta agaibh go háirithe leis an ghlún óg.**
**Go dté an Comharchumann ó neart go neart!**

Údarás na Gaeltachta

Déanann Údarás na Gaeltachta comhghairdeas le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo. atá ag ceiliúradh scór bliain a mbunaithe.

Tá obair fhiuntach déanta agus á dhéanamh ag an Chomharchumann i réimsí na forbartha pobail, na fiontraíochta, athghabháil agus athneartú na Gaeilge maraon le bheith lárnach i gcaomhnú cúrsaí cultúrtha agus oidhreachta i gcoitinne ina gceantar feidhme.

# Ceolchoirm na Nollag







Bhí ceolchoirm ag an 'Crann Óg' in Acadamh na hollscolaíochta Gaeilge ar an Déardaoin 18 Nollaig. D'éirigh go maith leis agus bhain gach duine sult as an cheol ar an oíche.

## Glór na nGael

**Beidh torthai 2008 a bhfógairt ar chlár Raidió na Gaeltachta Dé hAoine 30 Eanáir ón**

**9.15 - 10.15.**

**Clárú 2009 ar**

## Seachtain an Gaeilge

**10—17 Márta**

**Céilí, Scór na nÓg, Léacht, Ciorcal Craiceáilte, Bailiúchán na Teanga, Paráid**

## Scéim na nIonad Lae

**Maor—Seán Ó Maolagáin**

Seo Scéim Fostaíocht Pobail atá urraithe ag Údarás na Gaeltachta agus faoi riaradh ag FÁS.

Tá 31 rannpháirtí ar an scéim ag obair sna hIonaid Lae ón Charraig sa taobh ó dheas den chontae go Fánaid sa taobh ó thuaidh agus Doirí Beaga, Anagaire, An Clochán Liath agus na hOileáin istigh eatarthu.

Chomh maith le taithí oibre a fháil ar bheith ag tabhairt cúraim don aosach agus do dhaoine le míchumas faigheann na rannpháirtithe traenáil le scileanna úra a fhoghlaim agus cuireann siad seirbhís thábhachtach ar fáil don phobal.

## Scéim Sóisialta Tuaithe

**Maor—Michelle Nic Giolla Bhríde**

Tá Scéim Sóisialta Tuaithe an Údaráis i bparóiste Ghaoth Dobhair agus na Rosa faoi choimirce Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ó bunaíodh an scéim cúig bliana ó shoin.

Seo scéim do fheirmeoirí agus iascairí atá ar ioncaim íseal. Tá 20 rannpháirtithe sa scéim sa dá pharóiste faoi láthair. Tá réimse leathan oibre ar siúl ag na coistí atá ag baint tairbhe as an scéim. Seo leanas samplaí don chineál oibre a bhíos ar siúl ag na rannpháirtithe:

1. Obair chothabhála agus cúram ar na saoráidí pobail agus spóirt.
2. Obair chothabhála agus feabhais ar bhealach na Gaeltachta.
3. Obair chaomhnaithe fuinnimh do dhaoine scothaosta.
4. Tionscnamh feabhasaithe sráidbhailte agus tuaithe.
5. Cúram sóisialta agus cúram don aosach
6. Tionscadail a bhaineann le hionaid oidhreachta agus cultúir nach mbíonn ag feidhmiú ar mhaithe le brabús a dhéanamh.
7. Riarachán Pobail/Dualgaisí Cléireachais

# Éigse Uladh 2009

# Gaoth Dobhair

27 - 29 Márta

Téama

## "Dhaichead bliain de Éigse Uladh"

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair

Léachtaí, Díospóireacht, Ceol & Craic

Eolas 074 95 31008/32208